BreastCheck
The National Breast Screening Programme

# Tuarascáil Bhliantúil 2006/07



# Cairt na mBan

## Tiomantas Scrúdaithe

- Beidh meas ag an bhfoireann go léir ar phríobháideacht, dhínit, reiligiún, chine agus chreideamh cultúrtha na mná
- Socrófar na seirbhísí agus na saoráidí ionas go mbeadh gach duine, lena n-áirítear daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu, in ann na seirbhísí a úsáid
- Déileálfar le do thaifid scrúdaithe faoi dhianrún agus beidh tú cinnte de do chuid príobháideachta le linn do choinne
- Cuirfear eolas ar fáil do ghaolta agus do chairde a bhfuil baint acu le cúram na mná de réir mar is mian leis an othar
- Beidh an deis i gcónaí agat do thuairimí a chur in iúl agus cuirfear na tuairimí sin san áireamh
- Gheobhaidh tú do chéad choinne laistigh de dhá bhliain ó bheidh do thuairisc faighte ag an gclár
- Ó bheidh do thuairisc faighte ag an gclár gheobhaidh tú cuireadh chun scrúdaithe gach dhá bhliain fad a bhíonn tú san aois 50 go dtí 64 bliana
- Déanfar an scrúdú ort le trealamh nua-aimseartha ar ardchaighdeán a chomhlíonann na Treoirlínte Náisiúnta Cíochscrúdaithe

## Tá sé mar aidhm againn

- Fógra seacht lá ar a laghad a thabhairt duit de do choinne
- Eolas faoin scrúdú a sheoladh chugat roimh do choinne
- Freastal ort chomh pras agus is féidir ag tráth do choinne
- Tú a choinneáil ar an eolas faoi aon mhoill dhosheachanta a tharlaíonn ó am go ham
- Timpeallacht dheas, chompordach a chur ar fáil duit le linn an scrúdaithe
- A chinntiú go gcuirfimid torthaí do mhamagraim chugat laistigh de thrí seachtaine

## Má chaitear glaoch ar ais ort tá sé mar aidhm againn

- A chinntiú go gcuirfear coinne ar fáil ag an gClinic Mheasúnachta laistigh de dhá sheachtain ó chuirtear toradh mínormálta in iúl duit
- A chinntiú go bhfreastalóidh Dochtúir Comhairleach a bhfuil cúram cíche mar speisialtacht aige/aici ort
- Tacaíocht ó Altra Chúram Cíche a sholáthar
- A chinntiú go bhfaighidh tú do chuid torthaí ón gClinic Mheasúnachta laistigh de sheachtain amháin
- Tú a choinneáil ar an eolas faoi aon mhoill maidir le do chuid torthaí

## Má dhéantar diagnóis d'ailse chíche tá sé mar aidhm againn

- Sin a insint duit go híogair agus go macánta
- An chóireáil atá ar fáil duit a mhíniú go hiomlán duit
- Tú a spreagadh le páirt a bheith agat i gcinneadh a dhéanamh faoin gcóireáil duit
- Do pháirtnéir, cara nó duine gaoil a bheith páirteach in aon chomhráite, más mian leat sin
- An ceart a thabhairt duit diúltú do chóireáil, an dara rogha a fháil nó cóireáil mhalartach a roghnú, gan dochar do do chreideamh ná don chóireáil a roghnaíonn tú
- Socrú a dhéanamh le go nglacfaí isteach tú le haghaidh cóireála ó fhoireann shainoilte laistigh de thrí seachtaine ón diagnóis
- Tacaíocht ó Altra Chúram Cíche a sholáthar roimh an gcóireáil agus le linn na cóireála
- Eolas a thabhairt duit faoi ghrúpaí tacaíochta ailse áitiúla agus náisiúnta agus faoi ghrúpaí féinchabhrach

## Tabhair do bharúil dúinn

- Tá do chuid tuairimí tábhachtach dúinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht ár gcuid seirbhísí agus chun réimsí a aithint a bhféadfadh muid feabhas a chur orthu
- Tá sé de cheart agat do bharúil faoin gcúram a fuair tú a insint dúinn
- Má mheasann tú nár bhaineamar amach na caighdeáin atá i gCairt na mBan, is féidir leat sin a chur in iúl dúinn trína rá leis na daoine a chuireann an cúram ar fáil nó é a chur i scríbhinn chuig an gclár
- Ba mhaith linn freisin cloisteáil uait má mheas tú gur cuireadh seirbhís mhaith ar fáil duit. Cabhraíonn sé linn fios a bheith againn go bhfuil an cineál ceart seirbhíse á cur ar fáil againn – ceann a shásaíonn tú
- Mar fhocal scoir, má tá aon mholtaí agat faoin tslí a bhféadfaí ár seirbhís a fheabhsú, bheadh muid breá sásta féachaint an féidir linn na moltaí sin a úsáid chun an tslí a gcuirimid cúram ar fáil duit a fheabhsú tuilleadh

## Is féidir leatsa cabhrú trí

- Am an choinne a choinneáil
- Fógra trí lá ar a laghad a thabhairt más mian leat do choinne a athrú
- Aon eolas a chuirimid chugat a léamh
- A bheith tuisceanach ar dhaoine eile a bhíonn ag úsáid na seirbhíse agus ar an bhfoireann
- Déan iarracht, le do thoil, a bheith go maith ar an eolas faoi do shláinte féin

## Inis dúinn

- Má d'athraigh tú do sheoladh
- Má bhí coinne cheana féin agat
- Tabhair do bharúil dúinn – Tá do thuairimí tábhachtach.

# Leathanach an Chláir


| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 2 |
| Tuarascáil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin | 4 |
| Staitisticí an Chláir a bhaineann le 2006 | 10 |
| Ráitis Airgeadais 2006 | 20 |


National Cancer Screening Service

BreastCheck
The National Breast Screening Programme

An Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe


Teach Óstaí an Rí, Sráid Parnell, Baile Átha Cliath 1
Líne Eolais Saorfóin: 1800 45 45 55
Teil: 01 865 9300   Faics: 01 865 9333
R: info@breastcheck.ie   G: www.breastcheck.ie



# Ráiteas an Chathaoirligh

# Ráiteas an Chathaoirligh

Fáilte go dtí Tuarascáil Bhliantúil 2006/2007 BreastCheck, an Clár Náisiúnta Scagthástála Cíche. Tá sonraí feidhmíochta cláir do mhná ar tugadh cuireadh chun scagthástála dóibh sa bhliain 2006 sa Tuarascáil chomh maith le forbairtí cláir eile go dtí tráth foilsithe na tuarascála i mí na Samhna 2007.



**An Dr. Sheelah Ryan**
*An Cathaoirleach*

Tar éis Straitéis do Rialú Ailse in Éirinn 2006 a bheith foilsithe, bhunaigh an tAire Sláinte agus Leanaí an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála Ailse (NCSS) i mí Eanáir 2007. Faoi láthair cuimsítear BreastCheck – an Clár Náisiúnta Scagthástála Cíche agus Clár Scagthástála Ceirbheacs na hÉireann sa tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála Ailse.

Tá an NCSS ag ullmhú do Chlár Náisiúnta Scagthástála Ceirbheacs a bhunú agus a leathadh amach sa bhliain 2008 agus tá Sainghrúpa bunaithe acu chun an éifeachtacht a d'fhéadfadh a bheith i gceist le clár scagthástála calaireicteach a scrúdú. Is mór agam gur iarradh orm a bheith i mo chathaoirleach ar bhord an NCSS.

Tá dul chun cinn millteanach déanta ag BreastCheck le 12 mí anuas. Tá dhá aonad scagthástála nua nach aonaid shoghluaiste tógtha i nGaillimh agus i gCorcaigh ó foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil deiridh. Ina theannta sin, tá seacht n-aonad scagthástála digití shoghluaiste nua-aimseartha coimisiúnaithe mar ullmhúchán do leathnú náisiúnta BreastCheck san Iarthar agus sa Deisceart. Tá tús curtha le scagthástáil cheana féin san Iarthar fiú agus aonad soghluaiste lonnaithe i Ros Comáin.

Is mian liom na comhaltaí go léir ar Bhord na Seirbhíse Náisiúnta Scagthástála Ailse as an méid ríluachmhar atá curtha acu, trína dtiomantas, le haidhm BreastCheck líon na mban a fhaigheann bás ó ailse chíche in Éirinn a laghdú trí luathbhraith agus cóireáil. Le Staitisticí an Chláir, léirítear an ról atá ag BreastCheck i saol na mban agus de réir mar a leathnaímid ar fud na tíre, beimid ábalta ár dtiomantais a chomhlíonadh tríd an tairbhe a bhaineann le BreastCheck a chur ar fáil i nDeisceart agus in Iarthar na tíre.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an Aire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney T.D. agus lena hoifigigh, as a dtacaíocht agus as a gcabhair BreastCheck a thabhairt ar fud na tíre.

Táim fíorbhródúil as foireann BreastCheck, mar nach dtarlódh an leathnú murach iad agus ba mhaith liom buíochas faoi leith a ghlacadh lenár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Tony O'Brien as a thiomantas don Chlár.

Is iomaí duine eile a thacaíonn le BreastCheck a bhfuil ról lárnach acu ó thaobh cur le feasacht maidir leis an tseirbhís, ó thaobh mná a spreagadh a bheith rannpháirteach agus glacadh le cuirí agus áirítear oibrithe chúram príomhúil, na meáin agus eagraíochtaí pobail orthu sin go príomha. Ar deireadh, is mian liom buíochas a ghlacadh leis na 63,000 bean a ghlac lena gcuireadh agus a bhain leas as BreastCheck sa bhliain 2006. Chuir a bhfreagra ar ár gcumas feabhas a chur ar thorthaí ban ar léirigh a scagthástáil go raibh ailse chíche ag dul dóibh.

**An Dr. Sheelah Ryan**
*An Cathaoirleach*
*Bord na Seirbhíse Náisiúnta Scagthástála Ailse*



# Tuarascáil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

# Tuarascáil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

## Líon na nDaoine a nDearnadh iad a Scagthástáil

Sa bhliain 2006, chuir Breastcheck, an Clár Náisiúnta Scagthástála Cíche scagthástáil ar fáil saor in aisce do 63,271 bean – an líon ban is airde a ndearnadh iad a scagthástáil tríd an gClár go dtí seo. B'ionann an ráta glactha foriomlán maidir le cuireadh chun scagthástála agus 78.1% de mhná incháilithe. Is ardú é sin ar líon na mban a ghlac lena gcuireadh sa bhliain 2005 agus tá sé os cionn sprioc an chláir de 70%.

As na 63,271 bean a ndearnadh iad a scagthástáil sa bhliain 2006, glaodh ar ais ar 1,903 acu sin i gcomhair measúnachta. Diagnóisíodh trí chéad agus tríocha a seacht de na mná sin ar glaodh ar ais orthu le hailse, a léirigh 5.3 ailse de réir an 1,000 bean a ndearnadh iad a scagthástáil i gcomparáid le 5.3 sa bhliain 2005 agus 6.1 sa bhliain 2004. Sa bhliain 2006, ba mhná iad 19,527 de na mná go léir a ndearnadh iad a scagthástáil nár fhreastail ar scagthástáil an chláir riamh cheana agus d'fhreastail 43,744 bean ar choinne BreastCheck amháin ar a laghad roimhe sin.

Is san aoisghrúpa 50-54 a bhíonn formhór na mban a fhreastalaíonn ar a gcéad scagthástáil agus is acu atá an ráta glactha is airde. Laghdaigh ráta glactha an chéad chuiridh sa bhliain 2006 in aoisghrúpaí níos sine. Léirítear macasamhail an phatrúin glactha seo a bhaineann le haois i measc daoine nár fhreastail roimhe seo. Tá an ráta glactha, áfach, maidir le daoine a bhíonn ag freastal do scagthástálacha i ndiaidh an chéad cheann beagnach ard go haonfhoirmeach.

Comhlíontar nó sáraítear an chuid is mó de pharaiméadair Chairt na mBan. Tá an cion de mhná a ndéantar scagthástáil eile orthu laistigh de 27 mí den cheann roimhe sin ag an leibhéal is airde ó cuireadh tús le scagthástálacha a dhéanamh ar mhná i ndiaidh an chéad cheann.

Tá anailís iomlán agus mhionsonraithe de staitisticí an chláir tugtha ar leathanaigh 11 go dtí 19 den tuarascáil seo.



Tony O'Brien
*An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

*Go foriomlán, sa bhliain 2006:*

- Rinneadh 63,271 bean a scagthástáil trí BreastCheck – an líon ban is airde a ndearnadh iad a scagthástáil tríd an gClár go dtí seo
- D'éirigh go maith go comhseasmhach le BreastCheck maidir leis na gealltanais a aithníodh i gCairt na mBan
- Leathnaíodh an tseirbhís tuilleadh san Oirthuaisceart, san Oirthear, Lár Tíre agus san Oirdheisceart
- Rinne dul chun cinn mór maidir le leathnú náisiúnta na seirbhíse a bhrú chun cinn san Iarthar agus sa Deisceart agus é beartaithe tús a chur le scagthástáil faoi dheireadh na bliana 2007.

## Athrú i Rialachas

Ó bhunaigh an tAire Sláinte agus Leanaí an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála Ailse (NCSS) i mí Eanáir 2007, tá rialachas Breastcheck, an Clár Náisiúnta Scagthástála Cíche á bhainistiú anois ag Bord na Seirbhíse Náisiúnta Scagthástála Ailse. Bunaíodh an NCSS i ndiaidh Straitéis do Rialú Ailse in Éirinn a fhoilsiú 2006 a bunaíodh an NCSS. Sa straitéis moladh clár polasaí rialaithe ailse cuimsitheach d'Éirinn ina mbeadh scagthástáil ailse á bainistiú ag aon eagraíocht amháin.

## Leathnú Náisiúnta

Tá dul chun cinn mór déanta ó cheadaigh an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney TD, an clár leathnaithe caipitil €25m. Tá tógáil dhá Aonad Cliniciúla BreastCheck nua, a bheidh bunaithe ag Ospidéal Ollscoile Otharlann Theas Victoria i gCorcaigh agus ag Ospidéal Choláiste na hOllscoile i nGaillimh, beagnach tugtha chun críche.

Is clár scagthástála daonrabhunaithe cáilíocht-dhearbhaithe é an tseirbhís BreastCheck a fheidhmíonn trí fhoirne ildisciplíneacha a úsáid a bhfuil saineolas faoi leith acu sna réimsí seo a leanas - scagthástáil chíche, ailse a bhraith agus cóireáil. Agus é beartaithe tús a chur le scagthástáil san Iarthar agus sa Deisceart faoi dheireadh na bliana 2007, chuathas i mbun mórfheachtas earcaíochta agus táthar beagnach críochnaithe maidir leis an bhfoireann chuí a cheapadh.

Fostófar foireann de thuairim is 50 duine san Iarthar agus fostófar 50 duine breise chun an tseirbhís BreastCheck a chur ar fáil sa Deisceart. Ceapadh Stiúrthóirí Cliniciúla Ainmnithe chuig BreastCheck do limistéir an Deiscirt agus an Iarthair i mí na Samhna seo caite agus tá siad faoi oiliúint fhorleathan sula n-osclófar an dá aonad.

Tá Raideolaithe Comhairleacha, Máinlianna Comhairleacha Histeapaiteolaithe Comhairleacha agus Ainéistéisithe, a bhfuil spéis faoi leith acu i ngalair chíche, ceaptha chomh maith. Ina theannta sin, ceapadh Bainisteoirí Aonaid, Bainisteoirí Seirbhíse Radagrafaíochta agus d'éirigh leo roinnt post riaracháin a líonadh. Táthar i mbun lucht foirne eile a earcú, lena n-áirítear na 38 radagrafaí a theastaíonn. Reáchtáil BreastCheck Tráthnónta Earcaíochta Oscailte i nGaillimh agus i gCorcaigh i mí Iúil agus fuair siad breis agus 1,000 léiriú spéise mar thoradh orthu sin.

Tá flít de sheacht n-aonad scagthástála dhigiteacha soghluaiste coimisiúnaithe chun scagthástáil a chur ar fáil i gcontaetha níos leithne. Beidh ceithre aonad nasctha le haonad scagthástála an Deiscirt a fhreastalóidh ar mhná i gCorcaigh, i gCiarraí, i Luimneach, i



Aonad Scagthástála an Deiscirt



Aonad Scagthástála an Iarthair



**An Dr. Ann O'Doherty,** *Stiúrthóir Cliniciúil, Aonad Scagthástála Mhuirfean;* **An Dr. Aideen Larke,** *Stiúrthóir Cliniciúil, Aonad Scagthástala an Iarthair;* **An Dr. Fidelma Flanagan,** *Stiúrthóir Cliniciúil, Aonad Scagthástála Eccles agus* **An Dr. Alissa Connors,** *Stiúrthóir Cliniciúil, Aonad Scágthástála an Deiscirt.*




Aonad scagthástála digiteach soghluaiste BreastCheck



An chéad rang mac léinn ar éirigh leo céim a bhaint amach maidir le hÍomháúCíche – An tIonad Oiliúna Radagrafach Náisiúnta

bPort Láirge agus i dTiobraid Árann Theas agus beidh trí aonad nasctha le haonad scagthástála an Iarthair, a chuirfidh scagthástáil ar fáil do mhná i nGaillimh, i Sligeach, i Ros Comáin, i nDún na nGall, i Maigh Eo, i Liatroim, sa Chlár agus i dTiobraid Árann Thuaidh.

Le BreastCheck, táthar tiomanta na caighdeáin radagrafacha a bhaint amach a theastaíonn do scagthástáil chíche mhamagrafach ar ardchaighdeán agus cuirtear an fhoireann faoi oiliúint leanúnach agus forbraítear an fhoireann go leanúnach.

## An tIonad Oiliúna Radagrafach Náisiúnta

Mar thacaíocht leis an tiomantas sin, d'fhorbair BreastCheck Ionad Náisiúnta Oiliúna Radagrafach chun tacú le mamagrafaíocht i seirbhísí scagthástála mar aon le seirbhísí siomptómacha. Osclaíodh Íomháú Cíche, an tIonad Náisiúnta Oiliúna Radagrafach, go hoifigiúil i mbliana agus fáiltíodh roimh a chéad mic léinn iarchéime i mbliana chomh maith. Beidh an t-ionad i gcroílár iarrachtaí BreastCheck an líon mór radagrafaithe agus mamagrafaithe a theastaíonn chun freastal ar leathnú náisiúnta a earcú agus a chur faoi oiliúint. Cuirfear



Grúpa Comhairleoirí Ildisciplíneach Cáilíocht-Dhearbhaithe BreastCheck

gach mac léinn Íomháithe Cíche faoi oiliúint tríd an trealamh mamagrafaíochta digití is nua-aimseartha a úsáid, trealamh atá comhchosúil leis an trealamh a úsáidtear in aonaid scagthástála BreastCheck, idir aonaid shoghluaiste agus aonaid nach mbíonn ag gluaiseacht.

## PACS & an Tionscadal Mamagrafaíochta Digití

Tar éis athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an mbonn fianaise agus tar éis tréimhse de mheastóireacht chliniciúil, cuirfear tús le scagthástáil BreastCheck i gCorcaigh agus i nGaillimh agus teicneolaíocht mamagrafaíochta digití á húsáid.

Is féidir mamagraim a fháil go díreach i bhformáid dhigiteach leis an teicneolaíocht dhigiteach seo gan gá a bheith le scannán ná próiseáil scannáin mar a úsáidtear i ngnáth-mhamagrafaíocht. Úsáidtear PACS (córas chartlannú pictiúr agus cumarsáide) nua-aimseartha chun sonraí na n-íomhánna cliniciúla a bhainistiú agus a stóráil agus chun na híomhánna a chur i láthair na raideolaithe do thuairisciú.

Tá athsholáthar ghnáth-threalamh scagthástála le teicneolaíocht dhigiteach in Aonad Mhuirfean curtha i gcrích anois agus táthar i mbun an athsholáthair céanna in Aonad Eccles agus sna haonaid shoghluaiste atá ann.

Cuireadh dhá aonad mamagrafaíochta digití soghluaiste nua leis an bhflít aonad scagthástála soghluaiste atá ag BreastCheck cheana féin i mbliana. D'éirigh le comhtháthú na n-aonad sin agus creidimid go gcuirfidh úsáid íomháú mamagrafaíochta digití i gcás soghluaiste le caighdeán agus comhsheasmhacht seirbhísí agus go gcuirfear solúbthacht níos fearr ar fáil maidir le haonaid scagthástála shoghluaiste a úsáid.

Táthar ag leanúint le hobair fhorbartha ar bhonn céimnithe i ndáil le córais íomháithe dhigitigh a chomhtháthú agus a idirphlé le córais eolais BreastCheck atá ann cheana féin chun a chur ar chumas BreastCheck an úsáid is éifeachtaí a bhaint as an gcóras lena chinntiú go bhfaighfear na leibhéil cháilíochta sonraí is airde is féidir.

## Feachtas Fógraíochta

Forbraíodh feachtas fógraíochta nua forleathan chun eolas faoi sheirbhís BreastCheck a chur ar fáil don phobal agus chun mná a spreagadh a bheith rannpáirteach sa chlár, nuair is féidir. Is éard atá mar aidhm le haon fhógraíocht a dhéantar tacú go hiomlán le clár leanúnach agus forleathan BreastCheck maidir le scagthástáil a chur cinn agus suntas a thabh-airt dó.

Forbraíodh íomhánna de 16 bean idir 50 agus 65 bliain d'aois, as gach tráth den saol, chun meon dlúthpháirtíochta agus misnigh a chruthú agus chun gnáthchuid den saol a dhéanamh de Breastcheck.

Ceapadh cur chuige ilghnéitheach agus an teilifís, an raidió agus na meáin chlóite in úsáid chun teachtaireachtaí soiléire agus fíricí maidir leis an tseirbhís a chur in iúl agus chun rannpháirtíocht a spreagadh i measc na mban a dtugtar cuireadh dóibh freastal.

## Conclúid

Is mór agam an dul chun cinn ollmhór atá déanta ag Breastcheck i rith na bliana 2006 agus go luath i rith na bliana 2007. Bhí breis agus 63,000 bean rannpáirteach i gclár BreastCheck sa bhliain 2006 agus shroich an ráta glactha maidir le cuirí 78.1%, an leibhéal glactha is airde ó cuireadh tús leis an gClár.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le foireann na hOifige Pleanála Ospidéil as a dtacaíocht. Sáraíodh an sprioc d'iontráil chuig ospidéal don chéad uair sa bhliain 2006 ó cuireadh tús leis an gClár agus 94.4% de mhná ar diagnóisíodh iad le hailse chíche á gcur isteach san ospidéal do chóireáil laistigh de thrí seachtaine ón diagnóis a fháil.


Is mian liom aitheantas a thabhairt d'obair ár gcomhghleacaithe san An Rannán Polasaí Ailse agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt go háirithe don méid atá déanta ag an Príomhoifigeach Uasal Gerry Coffey. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh Mary Jackson, atá ag teacht i gcomharbacht air agus guím gath rath uirthi lena ról nua.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú le comhghairdeas a dhéanamh le bainisteoirí agus foireann BreastCheck, go háirithe iad sin in Aonad Mhuirfean as a n-iarrachtaí tús luath a chur le scagthástáil i limistéar an Leathnaithe, iarrachtaí ar éirigh leo nuair a osclaíodh aonad digiteach soghluaiste i Ros Comáin. Rinneadh breis agus 1,200 bean a scagthástáil sa cheantar go dtí seo agus tá sé beartaithe go bhfanfaidh an t-aonad i Ros Comáin isteach sa bhliain 2008.

Táimid tiomanta leanúint le clár scagthástála cáilíocht-dhearbhaithe a sheachadadh, ina n-úsáidtear saineolas speisialaithe agus foirne ildisciplíneacha chun ár n-aidhm líon na mban a fhaigheann bás ó ailse chíche a laghdú trí luathbhraith agus cóireáil. Ó foilsíodh ár dTuarascáil Bhliantúil deiridh, tá an-dul chun cinn déanta de réir mar a leathnaítear an tseirbhís ar fud na tíre. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le comhaltaí an Bhoird Náisiúnta Scagthástála Cíche (a tháinig chun deiridh an 31 Nollaig 06) as a dtiomantas don Chlár.

Agus mé i mo Stiúrthóir ar BreastCheck, is mór agam aitheantas agus moladh a thabhairt do thacaíocht agus do thiomantas ár gcomhaltaí Boird agus do Chathaoirleach an chláir, an Dr. Sheelah Ryan agus Majella Byrne, Cathaoirleach an Ghrúpa Náisiúnta um Leathnú Oibríochtaí. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na Stiúrthóirí Cliniciúla – an Dr. Fidelma Flanagan (Aonad Scagthástála Eccles), an Dr. Ann O'Doherty (Aonad Scagthástála Mhuirfean) agus leis na Stiúrthóirí Cliniciúla Nua – an Dr. Alissa Connors (Aonad Scagthástála an Deiscirt) agus an Dr. Aideen Larke (Aonad Scagthástála an Iarthair) as a ndianiarrachtaí an tSeirbhís BreastCheck a sheoladh san Iarthar agus sa Deisceart.

Mar fhocal scoir, is mian liom buíochas a ghlacadh leis an bhfoireann go léir, na cliniceoirí agus foireann bhainistíochta BreastCheck as a ndíograis, a ndúthracht agus as an dianobair atá déanta acu agus BreastCheck, seirbhís den scoth a sheachadadh chuig mná na hÉireann.



Tony O'Brien
*An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*
*Samhain 2007*



# Staitisticí an Chláir a bhaineann le 2006

# An Clár Náisiúnta Scagthástála Cíche
## Staitisticí an Chláir a bhaineann le 2006

Baineann na figiúirí atá tuairiscithe leis na mná a rinne teagmháil le BreastCheck idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2006. Tá caighdeáin an Chláir, a bhfuil an fheidhmíocht tomhaiste ina leith, bunaithe ar na Treoirlínte Eorpacha um Dhearbhú Cáilíochta i Scagthástáil Mamagrafaíochta (An Ceathrú Eagrán).

Sa bhliain 2006, tugadh cuireadh BreastCheck do bhreis agus 83,000 bean dá gcéad scagthástáil nó do scagthástáil ina dhiaidh sin. Tá líon na mban a dtugtar cuireadh dóibh ardaithe bliain i ndiaidh bliana ó cuireadh tús leis an gclár agus dá réir sin déantar líon níos airde ban a scagthástáil gach bliain (Fíor 1); ghlac breis agus 63,000 bean lena gcuireadh scagthástála (Fíor 2). Tá Cóimheas Braite Caighdeánaithe an chláir fós i bhfad os cionn sprice.

### Tábla 1: **Gníomhaíocht Scagthástála Fhoriomlán**

| Paraiméadar Feidhmíochta | 2006 |
|---|---|
| An líon ban a fuair cuireadh | 83,491 |
| An líon ban incháilithe a fuair cuireadh* | 81,011 |
| An líon ban a dhí-thoiligh tar éis foirm thoilithe a fháil | 868 |
| An líon ban a d'fhreastail ar scagthástáil | 63,271 |
| Ráta glactha na mban incháilithe (áirítear orthusan mná a roghnaigh gan toiliú a thabhairt) | 78.1% |
| An ráta glactha den spriocphobal is eol dúinn** | 74.8% |
| An líon ban ar glaodh ar ais orthu i gcomhair measúnachta | 1,903 |
| An líon bithóipsí éadroma oscailte | 67 |
| An líon ailsí a braitheadh | 337 |
| An líon ailsí a braitheadh de réir an 1,000 bean a ndearnadh iad a scagthástáil | 5.3 |
| An líon ailsí in situ | 73 |
| An líon ailsí ionracha < 15mm | 113 |
| An Cóimheas Braite Caighdeánaithe | 0.9 |

* Tagraíonn incháilithe don spriocdhaonra is eol lúide na mná sin atá fágtha ar lár nó atá ar fionraí ón gClár bunaithe ar chritéir incháilitheachta áirithe

** Ráta glactha na mban incháilithe (áirítear orthusan mná a roghnaigh gan toiliú a thabhairt)

**Mionsonraí na gcatagóirí neamh-incháilithe**

As an áireamh – Mná i gcúram leantach d'ailse chíche, nach féidir dul i dteagmháil leo tríd An Post, míchumas fisiciúil/meabhrach (cé go ndéanann BreastCheck iarracht gach bean incháilithe a scagthástáil, d'fhéadfadh cineálacha áirithe míchumas fisiciúil nó meabhrach cosc a chur ar scagthástáil), tinneas foirceanta, eile.

Ar fionraí – Fanfaidh mná ar shaoire fhadaithe/atá ag obair thar lear, a fuair mamagram níos lú ná bliain roimhe sin go dtí an chéad bhabhta eile, theastaigh ón bhean an coinne a chur siar, ní raibh sí sásta socrú eile a dhéanamh, eile.

## Tábla 2: Gníomhaíocht Scagthástála de réir an Chineáil Scagthástála

As na mná incháilithe ar tugadh cuireadh dóibh don chéad uair nó do scagthástáil ina dhiaidh sin, d'fhreastail cion comhchosúil le haghaidh scagthástála i mbliana. Tugtar cuireadh arís don chéad bhabhta scagthástála eile do na daoine sin nach bhfreagraíonn a gcéad choinne; bhí an céatadán de dhaoine nár fhreastail cheana agus a ghlac le cuireadh scagthástála níos ísle i mbliana agus é ag 18% i gcomparáid le 27% sa bhliain 2005.

| Paraiméadar Feidhmíochta | Mná an Chéad Chuiridh | Mná nár fhreastail roimhe seo | Mná ar Chuireadh ina Dhiaidh sin |
|---|---|---|---|
| An líon ban a fuair cuireadh | 25,979 | 8,699 | 48,813 |
| An líon ban incháilithe a fuair cuireadh | 24,564 | 8,699 | 48,616 |
| An líon ban a dhí-thoiligh | 182 | - | 686 |
| An líon ban a ndearnadh iad a scagthástáil | 17,964 | 1,563 | 43,744 |
| Ráta glactha na mban incháilithe (na mná a dhí-thoiligh san áireamh) | 73.1% | 18.0% | 90.0% |
| An ráta glactha don spriocphobal is eol dúinn | 68.2% | 18.0% | 88.4% |

*Mná a dhí-thoiligh i mbabhta scagthástála roimhe sin, ach atá fós sa spriocghrúpa aoise de 50-64 bliana

## Tábla 3: Gníomhaíocht Scagthástála de réir an Chineáil Scagthástála agus Aoisghrúpa

Tá formhór na mban a fhreastalaíonn ar scagthástáil don chéad uair san aoisghrúpa 50-54 bliain; is san aoisghrúpa seo a bhfuil an ráta glactha is airde agus arís, is léir go laghdaíonn an ráta glactha ar an gcéad chuireadh in aoisghrúpaí níos sine. Léirítear macasamhail an phatrúin glactha seo a bhaineann le haois i measc daoine nár fhreastail roimhe seo. Tá an ráta glactha, áfach, maidir le daoine a bhíonn ag freastal do scagthástálacha i ndiaidh an chéad cheann beagnach ard go haonfhoirmeach.

## Tábla 3(i): Mná an Chéad Chuiridh

| Paraiméadar Feidhmíochta | Aoisghrúpa | | |
|---|---|---|---|
| | *50-54* | *55-59* | *60-64* |
| An líon ban a fuair cuireadh | 18,001 | 4,329 | 3,328 |
| An líon ban incháilithe a fuair cuireadh | 17,358 | 3,907 | 3,010 |
| An líon ban a dhí-thoiligh | 56 | 64 | 51 |
| An líon ban a ndearnadh iad a scagthástáil | 13,489 | 2,453 | 1,836 |
| Ráta glactha na mban incháilithe (na mná a dhí-thoiligh san áireamh) | 77.7% | 62.8% | 61.0% |
| An ráta glactha don spriocphobal is eol dúinn | 74.0% | 55.8% | 54.3% |

## Tábla 3(ii): Mná nár Fhreastail Roimhe Seo

| Paraiméadar Feidhmíochta | Aoisghrúpa 50-54 | 55-59 | 60-64 |
|---|---|---|---|
| An líon ban nár fhreastail roimhe seo a fuair cuireadh | 1,638 | 3,651 | 3,356 |
| An líon ban a ndearnadh iad a scagthástáil | 520 | 621 | 399 |
| An ráta glactha don spriocphobal is eol dúinn | 31.7% | 17.0% | 11.9% |


## Tábla 3(iii): Cuireadh ina Dhiaidh sin

| Paraiméadar Feidhmíochta | Aoisghrúpa 50-54 | 55-59 | 60-64 |
|---|---|---|---|
| An líon ban incháilithe a fuair cuireadh | 9,140 | 21,619 | 17,605 |
| An líon ban a dhí-thoiligh sa bhabhta roimhe sin* | 73 | 216 | 228 |
| An líon ban incháilithe** | 151 | 397 | 331 |
| An líon ban a ndearnadh iad a scagthástáil | 8,317 | 19,526 | 15,737 |
| Ráta glactha na mban incháilithe (na mná a dhí-thoiligh san áireamh) | 91.0% | 90.3% | 89.4% |
| An ráta glactha don spriocphobal is eol dúinn | 88.8% | 87.8% | 86.6% |


* A dhí-thoiligh sa bhabhta roimhe seo, ach atá fós sa spriocphobal

** Aitheanta mar incháilithe sa bhabhta scrúdaithe roimhe seo nó sa bhabhta seo, ach atá fós sa spriocphobal

## Fíor 1: An líon ban a fuair cuireadh 2002-2006 – Don Chéad Uair agus Ina Dhiaidh sin




## Fíor 2: An líon ban a ndearnadh iad a scagthástáil 2002-2006 – Don Chéad Uair agus Ina Dhiaidh Sin



## Tábla 4: Cáilíocht Scagthástála: An Chéad Scagthástáil

Leis an tábla seo, léirítear sonraí maidir le mná a d'fhreastail ar scagthástáil don chéad uair. Tá na paraiméadair cháilíochta go léir comhlíonta nó sáraithe. Tá caighdeáin a dtomhastar feidhmíocht ina n-aghaidh bunaithe ar Threoirlínte Eorpacha do Dhearbhú Cáilíochta i Scagthástáil Mamagrafaíocht (4ú Eagrán).


| Paraiméadar Feidhmíochta | 2006 | Caighdeán |
|---|---|---|
| An líon ban a ndearnadh iad a scagthástáil don chéad uair | 19,527 | |
| An líon ban ar glaodh ar ais orthu i gcomhair measúnachta | 1,081 | |
| An ráta glaoch ar ais | 5.5% | <7% |
| An líon bithóipsí oscailte éadroma | 46 | |
| An ráta bithóipsí oscailte éadroma de réir an 1,000 bean a ndearnadh iad a scagthástáil | 2.36 | <3.6 |
| An líon ban a diagnóisíodh le hailse | 147 | |
| An ráta braite ailsí de réir an 1,000 bean a ndearnadh iad a scagthástáil | 7.53 | |
| An líon ban a raibh ailse in situ orthu (DCIS) | 27 | |
| An ráta braite DCIS amháin de réir an 1,000 bean a ndearnadh iad a scagthástáil | 1.38 | |
| An líon ban a diagnóisíodh le DCIS mar % de na mná go léir a diagnóisíodh le hailse | 18.4% | 10-20% |
| An líon ban a diagnóisíodh le hailse ionrach | 120 | |
| An ráta braite ailse ionraí de réir an 1,000 bean a ndearnadh iad a scagthástáil | 6.15 | |
| An ráta braite Ailse Ionraí de réir an 1,000 bean a ndearnadh iad a scagthástáil do mhná in aois 50-51 | 5.90 | >2.9 |
| An ráta braite Ailse Ionraí de réir an 1,000 bean a ndearnadh iad a scagthástáil do mhná in aois 52-64 | 8.67 | >5.2 |
| An líon ban le hailse ionrach <15 mm | 60 | |
| An líon ban le hailse ionrach <15 mm mar % de na mná go léir le hailse ionrach | 50.0% | ≥40% |
| An Cóimheas Braite Caighdeánaithe | 1.02 | 0.75 |

## Tábla 5: Cáilíocht Scagthástála: Scagthástáil ina dhiaidh sin

Leis an tábla seo, léirítear sonraí maidir le mná a d'fhreastail ar scagthástáil tar éis an chéad uair. Tá an céatadán de charcanóma duchta in situ a braitheadh níos airde ná mar a bhí i mblianta roimhe seo. Tá na paraiméadair cháilíochta eile go léir comhlíonta nó sáraithe. Is ailse an-bheag (faoi 15mm) atá ar bhreis agus leath an líon ban a bhfuarthas amach go bhfuil ailse ionrach ag dul dóibh. Tá caighdeáin a dtomhastar feidhmíocht ina n-aghaidh bunaithe ar Threoirlínte Eorpacha do Dhearbhú Cáilíochta i Scagthástáil Mamagrafaíocht (4ú Eagrán).

| Paraiméadar Feidhmíochta | 2006 | Caighdeán |
|---|---|---|
| An líon ban a ndearnadh iad a scagthástáil don dara huair | 43,744 | |
| An líon ban ar glaodh ar ais orthu i gcomhair measúnachta | 822 | |
| An ráta glaoch ar ais | 1.9% | <5% |
| An líon bithóipsí oscailte éadroma | 21 | |
| An ráta bithóipsí oscailte éadroma de réir an 1,000 bean a ndearnadh iad a scagthástáil | 0.48 | <2 |
| An líon ban a diagnóisíodh le hailse | 190 | |
| An ráta braite ailsí de réir an 1,000 bean a ndearnadh iad a scagthástáil | 4.3 | ≥3.5 |
| An líon ban a raibh ailse in situ orthu (DCIS) | 46 | |
| An ráta braite DCIS amháin de réir an 1,000 bean a ndearnadh iad a scagthástáil | 1.05 | |
| An líon ban a diagnóisíodh le DCIS mar % de na mná go léir a diagnóisíodh le hailse | 24.2% | 10-20% |
| An líon ban a diagnóisíodh le hailse ionrach | 144 | |
| An ráta braite ailse ionraí de réir an 1,000 bean a ndearnadh iad a scagthástáil | 3.29 | >2.4 |
| An líon ban le hailse ionrach <15 mm | 73 | |
| An líon ban le hailse ionrach <15 mm mar % de na mná go léir le hailse ionrach | 50.7% | ≥40% |
| An Cóimheas Braite Caighdeánaithe | 0.82 | 0.75 |

## Fíor 3: Mná le hailse ionrach <15 mm mar % dóibh sin go léir le hailse ionrach: 2002-2006 – An Chéad Scagthástáil agus Scagthástálacha ina Dhiaidh Sin




## Tábla 6: Toradh Scagthástála: An Chéad Scagthástáil de réir Aoisghrúpa

| Paraiméadar Feidhmíochta | 50-54 | Aoisghrúpa 55-59 | 60-64 |
|---|---|---|---|
| An líon ban a ndearnadh iad a scagthástáil | 14,009 | 3,074 | 2,235 |
| An céatadán ban ar glaodh ar ais orthu i gcomhair measúnachta | 5.7% | 5.3% | 4.7% |
| An ráta bithóipsí oscailte éadroma de réir an 1,000 bean a ndearnadh iad a scagthástáil | 2.28 | 1.95 | 2.68 |
| An ráta braite iomlán ailse de réir an 1,000 bean a ndearnadh iad a scagthástáil | 6.6 | 8.5 | 11.2 |

## Tábla 7: Toradh Scagthástála: Scagthástáil ina Dhiaidh sin de réir Aoisghrúpa

| Paraiméadar Feidhmíochta | 50-54 | Aoisghrúpa 55-59 | 60-64 |
|---|---|---|---|
| An líon ban a ndearnadh iad a scagthástáil | 8,317 | 19,526 | 15,737 |
| An céatadán ban ar glaodh ar ais orthu i gcomhair measúnachta | 1.8% | 1.8% | 2.0% |
| An ráta bithóipsí oscailte éadroma de réir an 1,000 bean a ndearnadh iad a scagthástáil | 0.36 | 0.61 | 0.38 |
| An ráta braite foriomlán ailse de réir an 1,000 bean a ndearnadh iad a scagthástáil | 3.8 | 3.3 | 5.8 |

## Tábla 8: Ailsí le Diagnóis Neamh-obráide

Tá an cion ban a bhfuil diagnóis neamh-obráide faighte acu d'ailse fós ard maidir leis an gcéad scagthástáil agus scagthástáil ina dhiaidh sin.

| Paraiméadar Feidhmíochta | An Chéad Scagthástáil | Scagthástáil ina dhiaidh sin | Caighdeán |
|---|---|---|---|
| Céatadán de mhná le hailse a bhfuil diagnóis neamh-obráide faighte acu | 92.5% | 93.1% | ≥70% |

## Tábla 9: Toradh Chéad Scagthástálacha de réir Réigiúin

Léirítear roinnt éagsúlachta maidir leis an ráta braite ailse de réir réigiúin; d'fhéadfadh gur toradh é a fuarthas trí sheans. Nuair is líon beag ban a dhéantar a scagthástáil ní feidir brath ar rátaí.

| Réigiún cónaithe | An líon ban a ndearnadh iad a scagthástáil | Ráta Glactha | | An líon ailsí a braitheadh | An líon ailsí a braitheadh de réir an 1,000 bean a ndearnadh iad a scagthástáil |
|---|---|---|---|---|---|
| | | *Incháilithe* | *Spriocphobal* | | |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath agus an Oirthuaiscirt | 7,651 | 56.3% | 53.6% | 60 | 7.8 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath agus Lár Laighean | 5,656 | 51.3% | 48.0% | 29 | 5.1 |
| Réigiún an Deiscirt | 6,218 | 74.8% | 71.7% | 58 | 9.3 |

## Tábla 10: Toradh scagthástálacha ina dhiaidh sin de réir réigiúin

| Réigiún cónaithe | An líon ban a ndearnadh iad a scagthástáil | Ráta Glactha | | An líon ailsí a braitheadh | An líon ailsí a braitheadh de réir an 1,000 bean a ndearnadh iad a scagthástáil |
|---|---|---|---|---|---|
| | | *Incháilithe* | *Spriocphobal* | | |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath agus an Oirthuaiscirt | 17,673 | 88.9% | 87.5% | 96 | 5.4 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath agus Lár Laighean | 21,533 | 89.3% | 87.5% | 81 | 3.8 |
| Réigiún an Deiscirt | 4,538 | 93.1% | 91.6% | 13 | 2.9 |

## Tábla 11: Paraiméadair Chairt na mBan

Tá Cairt na mBan de chuid BreastCheck foilsithe ar an leathanach laistigh de chlúdach tosaigh na Tuarascála seo. Comhlíontar nó sáraítear an chuid is mó de pharaiméadair chairt na mban. Tá an cion de mhná a ndéantar scagthástáil eile orthu laistigh de 27 mí den cheann roimhe sin ag an leibhéal is airde ó cuireadh tús le scagthástálacha a dhéanamh ar mhná i ndiaidh an chéad cheann. Tugtar cuireadh do bheagnach dhá thrian de na mná a dtugtar cuireadh dóibh don chéad uair laistigh de 24 mí ó bhíonn siad aitheanta ag an gclár agus incháilithe do scagthástáil; tá sé sin faoi bhun sprice.

| Paraiméadar Feidhmíochta | 2006 | Caighdeán Chairt na mBan |
|---|---|---|
| % de mhná a fuair fógra 7 lá de choinne | 98.2% | ≥90% |
| % de mhná ar cuireadh toradh mamagraim chucu laistigh de 3 seachtaine | 97.1% | ≥90% |
| % de mhná ar tairgeadh coinne dóibh le haghaidh Clinice Measúnachta laistigh de 2 sheachtain ó cuireadh toradh mamagrafach mínormálta in iúl dóibh | 95.6% | ≥90% |
| % de mhná ar tugadh torthaí ón gClinic Mheasúnachta dóibh laistigh de 1 sheachtain | 90.1% | ≥90% |
| % de mhná ar tairgeadh áit san ospidéal dóibh le haghaidh cóireála 94.4% laistigh de 3 seachtaine ó diagnóisíodh ailse chíche | >90% | |
| % de mhná ar tugadh cuireadh chun scagthástála an athuair dóibh laistigh de 27 mí ó chuireadh an bhabhta roimhe sin. | 88.3% | ≥90% |
| % de mhná incháilithe i gcomhair scagthástála ar tugadh cuireadh chun scagthástála dóibh laistigh de 24 mí ó aithníodh iad ar an gclár | 61.6% | ≥90% |



# Ráitis Airgeadais 2006

An Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe
Ráitis Airgeadais 2006
# Comhaltaí an Bhoird agus Eolas Eile

## Stair an Bhoird

(i) Bunaíodh an Grúpa Stiúrtha Náisiúnta um Cíochscrúdú sa bhliain 1997 d'fhonn maoirseacht a dhéanamh ar thabhairt chun cinn an chláir scrúdaithe.

(ii) Bunaíodh an Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe ar an 3 Meán Fómhair 1998 le hordú an Aire Sláinte agus Leanaí de réir na cumhachta a leagadh air faoi Alt 11 den Acht Sláinte 1970.

(iii) D'fhág an tOrdú um an Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe (Bunú), 2004 deireadh leis an mBord a bhí roimhe sin ann le héifeacht ón 1 Eanáir 2005.

(iv) Rinneadh Ordú na bliana 2004 a chúlghairm leis an Ordú um an Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe (Cúlghairm agus Díscaoileadh 2006 agus tháinig an tOrdú um Bord Náisiúnta na Seirbhíse Scagthástála Ailse (Bunú) 2006 ina áit, le héifeacht ón 1 Eanáir 2007.

## Comhaltaí an Bhoird

De réir mar a fhoráltar san Ordú um Bord Náisiúnta na Seirbhíse Scagthástála Ailse 2006, cheap an tAire Sláinte agus Leanaí Bord nua, ar a bhfuil na comhaltaí seo a leanas go ceann tréimhse trí bliana ón 1 Eanáir 2007 go dtí an 31 Nollaig 2009.

### Bord Náisiúnta na Seirbhíse Scagthástála Ailse

*Comhaltaí a ceapadh an 01 Eanáir 2007:*

**An Dr. Sheelah Ryan** (Cathaoirleach)

**An Dr. Gráinne Flannelly**

**Edel Maloney Uasal**

**An tOll. Niall O'Higgins**

**An Dr Ailís ní Riain**

*Comhaltaí a ceapadh an 01 Feabhra 2007:*

**An Dr. Marie Laffoy**

**Jack Murray Uasal**

**An Dr. Donie Ormonde**

**An tOll. Martin O'Donoghue**

**Eamonn Ryan Uasal**

**An Dr. Frank Sullivan**

**An Dr. Jane Wilde**

### An Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe

*Comhaltaí an Bhoird a scoir ar an 31 Nollaig 2006:*

**An Dr. Sheelah Ryan** (Cathaoirleach)

**Pat McLoughlin Uasal**

**Seán Hurley Uasal**

**Olivia O'Leary Uasal**

**An tOll. Niall O'Higgins**

**An tOll. Peter Dervan**

**An Dr Ailis Ni Riain**

**An Dr Tony Holohan**

**Edel Moloney Uasal**

*Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin:*
**Tony O'Brien Uasal**

*Baincéirí:*
**Banc AIB**
Lárionad an Bhainc, Droichead na Dothra,
Baile Átha Cliath 4

*Aturnae:*
**Arthur Cox**
Ionad Phort an Iarla, Ardán Phort an Iarla,
Baile Átha Cliath 2

*Iniúchóir:*
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2

*Ceannoifig:*
Teach Óstaí an Rí, 200 Sráid Pharnell, Baile Átha Cliath 1

# An Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe
## Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Rinneadh an Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe a dhíscaoileadh le héifeacht ón 1 Eanáir 2007 faoi théarmaí an Ordaithe um an Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe (Cúlghairm agus Díscaoileadh) 2006. (I.R. 633 den bhliain 2006).

Rinneadh maoin, cearta, dliteanais agus dualgaisí uile an Bhoird Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe a aistriú chuig Bord Náisiúnta na Seirbhíse Scagthástála Ailse faoi théarmaí na hOrdaithe thuasluaite.

Faoi théarmaí an Ordaithe um Bord Náisiúnta na Seirbhíse Scagthástála Ailse (Bunú) 2006, admhaíonn an Bord mar seo a leanas:

(i) Dualgas ráitis airgeadais an Bhoird Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe (arna dhíscaoileadh) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2006 a ullmhú.

(ii) Ceangaltas ráitis airgeadais don bhliain sin a ullmhú lena dtugtar léargas cruinn cóir ar riocht an Bhoird Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe agus ar ioncam agus caiteachas an bhoird i rith na tréimhse sin.


San ullmhúchán ar na ráitis airgeadais seo, ceanglaítear ar an mBord:

- Polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh ar den réasúnacht agus den stuaim iad;
- Aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme a fhoilsiú agus míniú a thabhairt orthu;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh murar míchuí a cheapadh go bhfuil i ndán do Bhord Náisiúnta na Seirbhíse Scagthástála Ailse leanacht ar marthain

Bhí an Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe freagrach as taifid chuntasaíochta mar ba chóir a choimeád lenar léiríodh tráth ar bith le cruinneas réasúnach an riocht airgeadais ina rabhthas agus lena bhféadfaí a cinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais de réir mar a éilítear san Ordú.

Bhí sé freagrach chomh maith as na sócmhainní a chosaint, agus dá réir sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois nó míréireacht eile a chosc agus a thabhairt faoi deara.

Thar ceann an Bhoird:



Comhalta Boird



Comhalta Boird

# An Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe
# Ráiteas faoin gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach

## Freagracht

Baineann an ráiteas seo leis an mbliain deiridh feidhme ag an mBord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe agus tá sé bunaithe ar eolas a chuir lucht bainistíochta an Bhoird Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe (arna dhíscaoileadh) ar fáí. Bhí an Bord freagrach as cinntiú go raibh córas rialaithe airgeadais inmheánach den éifeacht i bhfeidhm agus in úsáid.

Is dearbhú réasúnta amháin agus ní dearbhú iomlán is féidir a thabhairt leis an gcóras go ndéantar na sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thuairisciú mar is cóir, agus earráidí ábhartha nó mírialtacht a chosc nó go dtabharfaí chun aire iad in am tráth.

- An roghnú ceart a dhéanamh i gcás na foirne a bhaineann le cúrsaí airgeadais agus an oiliúint chuí a chur orthu
- Maidir le réimse an tsoláthair, cuireadh Córas Orduithe Ceannacháin slánchóirithe ar ríomhaire i bhfeidhm sa bhliain 2005
- Bhí Coiste Iniúchta agus Cairt Iniúchta agus Seirbhís Iniúchóireachta Inmheánach curtha ar bun ag an mBord. Dhéanadh an Bord athbhreithniú ar thuarascálacha an Iniúchóra Inmheánaigh agus an Choiste Iniúchta.

## Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe


Ba iad seo a leanas na nósanna imeachta mórthábhachta a cuireadh i bhfeidhm d'fhonn córas rialaithe airgeadais inmheánach den éifeacht a chur ar fáil:

- Struchtúr bainistíochta sainiúil soiléir leis an deighilt cheart idir dualgaisí éagsúla ar fud na heagraíochta
- Lámhleabhar modhanna oibre ina leagtar amach treoir mhionsonraithe maidir le gach réimse den obair i gcúrsaí airgeadais
- Córas buiséid lena mbaineann buiséad bliantúil a ndéanann an Bord athbhreithniú air agus aontú mar gheall air
- Athbhreithniú de chuid an Bhoird ar thuarascálacha bliantúla airgeadais lena léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid lena raibh á thuar
- Pacáistí cuntasaíochta agus pá-rolla a bhfuil deacháil orthu a úsáid agus nósanna cuí cothabhála agus cúltaca a leanacht


## Athbhreithniú Bliantúil ar an Rialú

Rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh maidir leis an tréimhse dar chríoch an 31 Nollaig 2006.

Thar ceann an Bhoird:



Comhalta Boird



Comhalta Boird

## An Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais an Bhord Cíoch Scrúdaithe Náisiúnta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoin Ordú um an mBord Seirbhís Náisiúnta Ailse Scrúdaithe (Bunú) 2006.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Caipitiúil, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

## Freagrachtaí an Bhoird agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Ordaithe um an mBord Seirbhís Náisiúnta Ailse Scrúdaithe (Bunú) 2006, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Bord na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn arna mionathrú ag na treoracha ón Aire Sláinte agus Leanaí maidir le cuntas a choimeád faoi chostais aoisliúntais. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí Bhaill an Bhoird.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Bord an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

## An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh

An Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais (ar lean)

measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Bhoird, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

## Tuairim

Mar a mhínítear i bPolasaí Cuntasaíochta (e), ní thugann an Bord na costais i leith teidlíochtaí aoisliúntais ar aird ach amháin de réir mar a thagann siad chun a bheith iníochta. Ní dhéanann an polasaí seo de réir Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 17 a éilíonn go dtugtar costais den chineál seo ar aird sa bhliain ina dtuilltear na teidlíochtaí. Cé nach bhfuil tionchar ag an teip chun déanamh de réir Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 17 ar fheidhmiú airgeadais nó ar staid an Bhoird ina foriomláine mar a nochtaítear iad sna ráitis airgeadais, i mo thuairimse tá gá le géilliúlacht chun go mbeadh tuiscint cheart ann ar na costais a bhaineann leis na tairbhí aoisliúntais a chur ar fáil a thuill fostaithe i rith na bliana agus ar luach na dtairbhí a bhfuil bannaí tugtha ina leith ag an mBord go gcuirfí ar fáil maidir le seirbhís go dtí deireadh na bliana.

Seachas an teip chun costais agus dliteanais aoisliúntais an Bhoird a thabhairt ar aird de réir Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 17, tugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar riocht ghnóthaí an Bhoird ag 31 Nollaig 2006 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



Gerard Smyth

*Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

*20 Iúil 2007*

# An Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe
# Ráiteas Faoi Pholasaithe Cuntasaíochta

### a) Bonn na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh go ginearálta leo agus faoi chomhghnás an chostais bhunaidh agus comhlíontar caighdeáin Bhord na gCaighdeán Cuntasaíochta maidir le tuairisciú airgeadais ach amháin sna cásanna a luaitear thíos.

### b) Ioncam agus Caiteachas

( i ) Is ionann an leithdháileadh ón Roinn Sláinte agus Leanaí agus an tsuim a shocraíonn an Roinn Sláinte agus Leanaí don bhliain 2006.

( ii ) Pléitear leis an leithdháileadh neamhchaipitil ón Roinn Sláinte agus Leanaí sa Chuntas Ioncaim Ioncaim agus Caiteachais. Aon chuid den leithdháileadh sin a chuirtear i leith chríche caipitil a mbíonn breis sócmhainní seasta dá bharr, aistrítear sin go dtí an Cuntas Caipitilithe.

(iii) Pléitear le leithdháileadh caipitil ón Roinn Sláinte agus Leanaí agus leis an gcaiteachas a théann leis sa Chuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais. Is ionann iarmhéid an chuntais sin agus an barrachas / easnamh sa mhaoiniú ar thograí a bhfuil ciste caipitil á chur ar fáil ag an Roinn Sláinte agus Leanaí ina leith.

### c) Sócmhainní Seasta agus Dímheas

(i) Déantar caipitiliú maidir leis na sócmhainní seasta ar fad a fhaightear, gan bheann ar fhoinse na gcistí, taobh amuigh de na cásanna eisceachta seo:

- Sócmhainní arna Maoiniú ó Chaipiteal ar luach is ísle ná €500
- Sócmhainní TE arna Maoiniú ó Ioncam ar luach is ísle ná €1,270
- Sócmhainní neamh-TE arna Maoiniú ó Ioncam ar luach is ísle ná €3,809

(ii) Luaitear sócmhainní seasta sna Cuntais ar luach an chostais lúide dímheas.

(iii) Ní chuirtear an dímheas a bhfuil amúchadh comhluacha i gceist leis sa Chuntas Caipitilithe, chun dochair an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais.

Seo a leanas na rátaí agus na modhanna dímheasa atá i bhfeidhm:

| | | |
|---|---|---|
| Foirgnimh | 2% | Bonn Dronlíne |
| Feabhsúchán ar Mhaoin ar Léas | | Le linn théarma an léasa |
| Troscán Oifige | 10% | Bonn Dronlíne |
| Trealamh Oifige | 20% | Bonn Dronlíne |
| Trealamh Leighis (Trealamh soghluaiste san áireamh) | 20% | Bonn Dronlíne |
| Trealamh Ríomhaireachta | | |
| • Fuarthas roimh an1 Ean 2005 | 20% | Bonn Dronlíne |
| • Fuarthas ón 1 Ean 2005 | 25% | Bonn Dronlíne |

### d) An Cuntas Caipitilithe

Is ionann an cuntas caipitilithe agus luach neamhamúchta an chiste a chuirtear ar fáil le haghaidh sóchmhainní seasta.

### e) Pinsean

Bhí scéim aoisliúntais shochair shonraithe i bhfeidhm ag an mBord do na fostaithe. Ní dhéantar aon soláthar i ndáil le sochair iníoctha faoin Scéim Aoisliúntais Rialtais Áitiúil mar go bhfuil frithghealladh an Aire Sláinte agus Leanaí leis an dliteanas. Cuirtear ranníocaíochtaí d'fhostaithe atá ina gcomhaltaí den scéim chun sochair don chuntas ioncaim agus caiteachais arna bhfáil.Cuirtear íocaíochtaí pinsin faoin scéim chun dochair don chuntas ioncaim agus caiteachais arna n-íoc. Ní dhearnadh aon soláthar maidir le sochair a bheadh iníoctha sna blianta amach anseo ar ordú ón Aire Sláinte agus Leanaí.

An Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

## An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2006

| | Nótaí | Euro | 2006 Euro | Euro | 2005 Euro |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | | |
| An Roinn Sláinte agus Leanaí | | | 13,693,000 | | 10,606,000 |
| Raníocaíochtaí Aoisliúntais | | | 419,431 | | 367,148 |
| Ceannachán Aoisliúntais | | | 31,825 | | 37,739 |
| Ús Bainc a Gnóthaíodh | | | 25,140 | | 13,524 |
| Ioncam Ilghnéitheach | | | 497 | | 147 |
| Fáltais ó Shócmhainní Seasta a Thrádáil | | | - | | 5,000 |
| Síntiúis a Fuarthas | | | 50 | | - |
| Aistriú go dtí an Cuntas Caipitilithe | 9 | | (2,315,370) | | (28,759) |
| | | | 11,854,573 | | 11,000,799 |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Costais Phá | 3 | 7,385,885 | | 6,419,295 | |
| Costais Ioncaim Neamhphá | 4 | 4,682,222 | | 4,584,490 | |
| | | | 12,068,107 | | 11,003,785 |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | | | **(213,534)** | | **(2,986)** |
| **Ráiteas faoin athrú sa Bharrachas Carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir | | | 1,123,032 | | 1,126,018 |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | | | (213,534) | | (2,986) |
| Barrachas Carntha ar an 30 Nollaig | | | **909,498** | | **1,123,032** |

Taobh amuigh den dímheas maidir le sócmhainní seasta agus den amúchadh ar an gCuntas Caipitilithe, tugadh an gnóthachan agus an caillteanas ar fad i rith na bliana san áireamh agus an barrachas / (easnamh) mar gheall ar an ioncam agus an caiteachas á ríomh.

Thar ceann an Bhoird:

Niall O'Higgins

Comhalta Boird

Comhalta Boird

Is cuid de na ráitis chuntasaíochta seo na polasaithe cuntasaíochta a leagtar amach ar leathanaigh 26 agus na nótaí ar leathanaigh 31 go dtí 34.

## An Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe

# An Cuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais

## An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2006

| | Nótaí | Euro | Euro | 2006 Euro | Euro | Euro | 2005 Euro |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | | | | |
| Deontais Chaipitil ón Roinn Sláinte agus Leanaí | | | 2,196,488 | | | 1,280,877 | |
| Lúide Maoiniú re Aonad Siomptómach i nGaillimh | 15 | (244,845) | | | (105,127) | | |
| Lúide Maoiniú re Obrádlann agus Saotharlann i nGaillimh | 15 | 48,313 | (196,532) | | (48,313) | (153,440) | |
| Deontas Glan ón Roinn Sláinte agus Leanaí | 15 | | | 1,999,956 | | | 1,127,437 |
| Maoiniú ón HSE maidir le Saoráidí Buana Mhuirfean | | | | 39,007 | | | 106,623 |
| Barrachas ar aghaidh | | | | 394,573 | | | 394,573 |
| Sócmhainní Seasta: Fáltais ó Dhíolachán / Éileamh Árachais | | | | 3,515 | | | - |
| | | | | **2,437,051** | | | **1,628,633** |
| **Caiteachas** | | | | | | | |
| - Saoráid Bhuan Mhuirfean | | 39,007 | | | 107,702 | | |
| - Saoráid Bhuan na Gaillimhe | | 632,473 | | | 141,414 | | |
| - Saoráid Bhuan Chorcaí | | 1,022,203 | | | 163,807 | | |
| - Troscán agus Feisteas | | 12,407 | | | 40,908 | | |
| - Ceannachán Trealaimh | | 1,199 | | | 442,101 | | |
| Forbairt ar Shaoráidí | | | 1,707,289 | | | 895,932 | |
| Teicneolaíocht an Eolais | | | 307,968 | 2,015,257 | | 310,649 | 1,206,581 |
| Móide Sócmhainní a Maoiníodh ó Chaipiteal agus nach ndearnadh a gCaipitliú | | | | 23,706 | | | 27,479 |
| | | | | **2,038,963** | | | **1,234,060** |
| **Barrachas /(Easnamh) ar Ioncam agus Caiteachas Caipitil** | | | | **398,088** | | | **394,573** |

Thar ceann an Bhoird:

Comhalta Boird

Comhalta Boird

Is cuid de na ráitis chuntasaíochta seo na polasaithe cuntasaíochta a leagtar amach ar leathanaigh 26 agus na nótaí ar leathanaigh 31 go dtí 34.

## An Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe

# An Clár Comhardaithe

### Mar a bhí an 31 Nollaig 2006

| | Nótaí | 2006 Euro | 2005 Euro |
|---|---|---|---|
| Sócmhainní Seasta | 5 | 9,968,854 | 7,747,547 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| - Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 6 | 1,255,303 | 505,916 |
| - Airgead tirim ar láimh | 7 | 2,245,663 | 2,197,342 |
| | | 3,500,966 | 2,703,258 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| - Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 8 | 2,193,380 | 1,185,653 |
| | | 2,193,380 | 1,185,653 |
| **Sócmhainní Reatha Glan** | | **1,307,586** | **1,517,605** |
| **Sócmhainní Seasta móide Sócmhainní Reatha Glan** | | **11,276,440** | **9,265,152** |

| Arna mhaoiniú ó | | Euro | Euro | Euro | Euro |
|---|---|---|---|---|---|
| An Cuntas Caipitilithe | 9 | 9,968,854 | | 7,747,547 | |
| Barrachas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais Ioncaim | | 909,498 | | 1,123,032 | |
| Barrachas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais Caipitil | | 398,088 | 11,276,440 | 394,573 | 9,265,152 |
| | | | **11,276,440** | | **9,265,152** |

Thar ceann an Bhoird:

Comhalta Boird

Comhalta Boird

Is cuid de na ráitis chuntasaíochta seo na polasaithe cuntasaíochta a leagtar amach ar leathanaigh 26 agus na nótaí ar leathanaigh 31 go dtí 34.

## An Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

### Don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006

| | 2006<br>Euro | 2005<br>Euro |
|---|---|---|
| **Réiteach idir an barrachachas / (easnamh) oibriúcháin agus an sreabhadh glan airigid isteach / (amach) ó bhearta oibriúcháin** | | |
| (Easnamh)/Barrachas Oibriúcháin | (213,534) | (2,986) |
| Caiteachas Caipitil arna mhaoiniú ón Ioncam | 2,315,370 | 28,759 |
| Ús a Fuarthas | (25,140) | (13,524) |
| Ioncam Ilghnéitheach | (497) | (147) |
| (Ardú) / Ísliú maidir le Féichiúnaithe | (749,387) | (94,223) |
| (Ísliú) / Ardú maidir le Creidiúnaithe & Fabhruithe | 1,007,727 | (745,644) |
| **An sreabhadh airgid glan ó bhearta oibriúcháin** | **2,334,539** | **(827,765)** |
| **Ráiteas faoin Sreabhadh Airgid** | | |
| An Sreabhadh Airgid Glan ó Bhearta Oibriúcháin | 2,334,539 | (827,765) |
| Ús a Fuarthas | 25,140 | 13,524 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 497 | 147 |
| Caiteachas Caipitil (Nóta 1) | (4,350,818) | (1,262,819) |
| | **(1,990,642)** | **(2,076,913)** |
| Bainistíocht ar Shócmhainní Leachtacha | | |
| Airgead tirim a tarraingíodh as taiscí | **(1,310,139)** | **949,734** |
| | **(3,300,781)** | **(1,127,179)** |
| Maoiniú ón HSE maidir le Saoráin Bhuan Mhuirfean a Thógáil | **39,007** | **106,623** |
| Deontais Chaipitil de réir Chuntas Ioncaim agus Caiteachais | **1,999,956** | **1,127,437** |
| (Laghdú)/Méadú in Airgead Tirim | **(1,261,818)** | **106,881** |
| **Réiteach idir an sreabhadh airgid glan agus an t-athrú san airgead tirim** | | |
| Ísliú / (Ardú) maidir le hairgead tirim i rith na tréimhse | (1,261,818) | 106,881 |
| Airgead tirim a tarraingíodh as taiscí | 1,310,139 | (949,734) |
| | 48,321 | (842,853) |
| Cistí glan mar a bhí an 1 Eanáir | 2,197,342 | 3,040,195 |
| **Cistí glan mar a bhí an 31 Nollaig** | **2,245,663** | **2,197,342** |
| **Nóta 1 - Ollsreabhadh Airgid** | | |
| **Caiteachas Caipitil** | | |
| Fáltais ó Dhíolachán Sócmhainní Seasta | 3,515 | - |
| Ceannachán ar Shóchmhainní Seasta (Nóta 5) | (4,330,627) | (1,235,340) |
| Sócmhainní Maoinithe ó Chaipiteal nach ndearnadh a gCaipitliú | (23,706) | (27,479) |
| | (4,350,818) | (1,262,819) |

| **Nóta 2 - Anailís ar Athruithe maidir le cistí glana** | Ar an 1 Ean<br>2006<br>Euro | Sreabhadh<br>Airgid<br>Euro | Ar an 31 Noll<br>2006<br>Euro |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim ar láimh, sa bhanc | 142,065 | (1,261,818) | (1,119,753) |
| Rótharraingt | - | - | - |
| | 142,065 | **(1,261,818)** | (1,119,753) |
| Infheistíocht i Sócmhainní Reatha | 2,055,277 | 1,310,139 | 3,365,416 |
| | **2,197,342** | **48,321** | **2,245,663** |

## An Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2006

| | | | 2006 | 2005 |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2006 a bhaineann na ráitis airgeadais seo agus is le hidirbhearta airgid an Bhoird Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe, mar a bhíodh, amháin a bhaineann siad. | | | |
| 2 | Oibríonn seirbhísí scagthástála an Bhoird i dhá ionad - Aonad Mhuirfean in Ospidéal Naomh Uinsinn agus Aonad Shráid Eccles in Ospidéal an Mater. Tá dhá aonad nua scagthástála á dtógáil faoi láthair i gCorcaigh agus i nGaillimh. | | | |
| 3 | **Sonraí faoi Fhostaithe agus faoin Luach Saothair** | | | |
| | B'ionann meánlíon na foirne i rith na bliana agus: | | 115 | 109 |
| | Luaitear na costais tuarastail glan ar Thuarastal Dochtúirí Comhairleacha agus NCHD arna n Athghearradh de réir na ngealltanas seisiúin ar Áisíneachtaí Sláinte eile. | | | |
| | **Briseadh síos ar an Luach Saothair:** | | Euro | Euro |
| | Bainistíocht / Riarachán | 2,851,490 | | |
| | Lúide suimeanna a gearradh arís ar áisíneachtaí sláinte eile | -190,732 | 2,660,758 | 2,414,552 |
| | NCHD | 562,905 | | |
| | Lúide suimeanna a gearradh arís ar áisíneachtaí sláinte eile | -132,237 | 430,668 | 471,945 |
| | Dochtúirí Comhairleacha | 2,492,365 | | |
| | Lúide suimeanna a gearradh arís ar áisíneachtaí sláinte eile | -729,958 | 1,762,407 | 1,334,381 |
| | Altracht | | 249,594 | 218,857 |
| | Paraimhíochaine | | 2,103,934 | 1,868,025 |
| | Seirbhísí Taca | | 67,687 | 62,876 |
| | Aisíoc Aoisliúntais / Íoc Cnapshuimeanna | | 75,205 | 38,253 |
| | Pinsinéirí | | 35,632 | 10,406 |
| | | | 7,385,885 | 6,419,295 |
| 4 | **Costais Ioncaim Neamhphá** | | | |
| | Drugaí agus Cógais Leighis | | 1,484 | 888 |
| | Soláthairtí Leighis agus Máinliachta | | 44,948 | 34,966 |
| | Soláthairtí & Conarthaí maidir le Trealamh Leighis | | 1,099 | 1,678 |
| | X-Gha / Costais Íomhánna | | 722,983 | 611,677 |
| | Costais Saotharlainne | | 46,770 | 6,128 |
| | Lónadóireacht | | 21,848 | 19,220 |
| | Teas, Cumhacht & Solas | | 66,601 | 49,231 |
| | Glanadh, Níochán & Dramhaíl | | 66,286 | 59,709 |
| | Troscán, Crua-earraí agus Gréithe | | 54,668 | 13,585 |
| | Cóir Leapa agus Éadach | | 2,699 | 4,270 |
| | Costais Chothabhála | | 333,999 | 919,823 |
| | Iompar & Taisteal | | 440,562 | 344,787 |
| | Costais Aonaid Shoghluaiste | | 84,366 | 62,114 |
| | Táillí Bainc / Íocaíochtaí Úis | | 723 | 1,051 |
| | Árachas | | 104,843 | 108,987 |
| | Táille Iniúchóireachta | | 16,800 | 16,800 |
| | Iniúchóireacht Inmheánach | | 9,089 | 15,730 |
| | Costais Dlí | | 7,153 | 8,134 |
| | Costais Oifige | | 655,054 | 585,745 |
| | Ríomhairí | | 346,715 | 392,493 |
| | Seirbhísí Lucht Gairme | | 1,359,996 | 1,104,379 |
| | Costais Oiliúna | | 234,697 | 158,513 |
| | Costais Ilghnéitheacha | | 58,839 | 64,582 |
| | | | 4,682,222 | 4,584,490 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2006

| Euro | Léas Feabhsúchán Foirgnimh Euro | Oifig Troscán & Trealamh Euro | Aonais Shoghluaiste Foirgneamh amháin Euro | Leigheas Trealamh Euro | X-gha Trealamh Euro | Saotharlann Trealamh Euro | Ríomhairí Trealamh Euro | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 5 Sócmhainní Seasta | | | | | | | | |
| Costas | | | | | | | | |
| Mar a bhí an 1 Eanáir | 4,995,833 | 780,080 | 850,031 | 370,456 | 6,256,204 | 635,782 | 3,520,946 | 17,409,332 |
| Breis | | | | | | | | |
| - Ó na Cistí Caipitil | 1,695,672 | 11,617 | | | | | 307,968 | 2,015,257 |
| - Ó na Cistí Ioncaim | | 66,329 | 403,528 | | 1,668,585 | 175,450 | 1,478 | 2,315,370 |
| Aistriúchán | | | | | | | | |
| Diúscairt | | (100,437) | | (32,904) | (402,474) | (71,221) | (2,301,627) | (2,908,663) |
| Mar a bhí an 31 Nollaig 2006 | **6,691,505** | **757,589** | **1,253,559** | **337,552** | **7,522,315** | **740,011** | **1,528,765** | **18,831,296** |
| **Dímheas** | | | | | | | | |
| Mar a bhí an 1 Eanáir 2006 | 502,501 | 421,521 | 726,882 | 337,221 | 4,315,124 | 460,159 | 2,898,377 | 9,661,785 |
| Muirear na Bliana | 167,175 | 102,447 | 141,143 | 30,172 | 1,164,773 | 118,872 | 297,736 | 2,022,318 |
| Aistriúchán | | | | | | | | |
| Lúide Diúscairt | | (98,335) | | (32,904) | (399,232) | (53,187) | (2,238,003) | (2,821,661) |
| Mar a bhí an 31 Nollaig 2006 | **669,676** | **425,633** | **868,025** | **334,489** | **5,080,665** | **525,844** | **958,110** | **8,862,442** |
| **Leabharluach Glan** | | | | | | | | |
| Mar a bhí an 31 Nollaig 2006 | **6,021,829** | **331,956** | **385,534** | **3,063** | **2,441,650** | **214,167** | **570,655** | **9,968,854** |
| Mar a bhí an 31 Nollaig 2005 | **4,493,332** | **358,559** | **123,149** | **33,235** | **1,941,080** | **175,623** | **622,569** | **7,747,547** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2006

| | | 2006 Euro | | 2005 Euro |
|---|---|---|---|---|
| **6 Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí** | | | | |
| - Deontais Chaipitil ón Roinn Sláinte agus Leanaí | | 837,212 | | 66,859 |
| - Féichiúnaithe Ospidéil | | 214,529 | | 85,572 |
| (Tuarastail Dhochtúirí Comhairleach arna n-athghearradh) | | | | |
| - Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí Éagsúla | | 203,562 | | 353,485 |
| | | **1,255,303** | | **505,916** |
| Leithdháileadh Ioncaim ón Roinn Sláinte agus Leanaí | | 13,693,000 | | 10,606,000 |
| Caiteachas a ghlan an NBSB arna tharraingt anuas ón RSL | | (13,693,000) | | (10,606,000) |
| Leithdháileadh Ioncaim le fáil ón RSL ar an 31 Nollaig 2006 | | - | | - |
| **7 Airgead Tirim ar láimh** | | | | |
| Cuntas Reatha Bainc | | (1,120,739) | | 140,315 |
| Cuntas Taisce | | 3,365,416 | | 2,055,277 |
| Cuntas Mionairgid | | 986 | | 1,750 |
| | | **2,245,663** | | **2,197,342** |
| **8 Creidiúnaithe agus Fabhruithe** | | | | |
| Creidiúnaithe Tráchtála | | 1,384,279 | | 554,087 |
| Fabhruithe Pá | | 78,058 | | 55,588 |
| Fabhruithe eile | | 731,043 | | 575,978 |
| | | **2,193,380** | | **1,185,653** |
| **9 An Cuntas Caipitilithe** | | | | |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2006 | | 7,747,547 | | 8,510,032 |
| Breisithe leis na Sócmhainní Seasta | | | | |
| - arna nglanadh ón Leithdháileadh Ioncaim | 2,315,370 | | 28,759 | |
| - arna nglanadh ón Leithdháiledh Caipitil | 2,015,257 | 4,330,627 | 1,206,581 | 1,235,340 |
| | | 12,078,174 | | 9,745,372 |
| Diúscairt ar Shócmhainní Seasta | | (2,908,663) | | (1,096,223) |
| Amúchadh ag teacht leis an dímheas (glan ar an dímheas i gcás diúscartha) | | 799,343 | | (901,602) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2006 | | **9,968,854** | | **7,747,547** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2006

10 Déanann an Roinn Sláinte agus Leanaí ciste a chur ar fail do phoist Dochtúirí Comhairleacha ar bhonn comhchea pacháin; íocann an NCSS na suimeanna ar dtús agus aisghabhtar iad ó na hospidéil atá i gceist.

| 11 Ceangaltais Chaipitil ar an 31 Nollaig 2006 | Euro |
|---|---|
| Údaraithe agus faoi réir Conartha: | 9,279,994 |

12 Dliteanais Theagmhasacha

Ní raibh aon dliteanas teagmhasach ábhartha i gceist ar an 31 Nollaig 2006.

13 Comhaltaí an Bhoird - Idirbhearta a Fhoilsiú

Ghlac an Bord nósanna imeachta chuige féin de réir na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le foilsiú a gcuid leas ag comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Níor tharla aon idirbheart i rith na bliana maidir le beartaíocht an Bhoird a raibh leas tairbheach as ag aon chomhalta den Bhord.

14 Barrachas Ioncaim Carntha

Ar an 31 Nollaig 2006 b'ionann agus €909,498 barrachas ioncaim carntha iomlán an Bhoird. Tháinig ísliú €213,534 sa bharrachas ioncaim carntha i rith na bliana. Tá infheistíocht straitéiseach i dtabhairt na Seirbhíse i bhfeidhm ar fud na tire leagtha amach d'fhuílleach an bharrachas ioncaim.

15 I measc na ndeontas caipitil a fuair an Bord ón Roinn Sláinte agus Leanaí (RSL) i rith na bliana 2006, bhí deontais ar luach €196,532 a bhí le híoc thar ceann an RSL mar gheall ar dhá thogra in Ospidéal Réigiúnach na Gaillimhe.

16 Gnóthas Leantach

In ainneoin dhíscaoileadh an Bhoird ar an 1 Eanáir 2007, rinneadh na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Rinneadh sin i bhfianaise aistriú iomlán ar an mbeartaíocht, cearta sealbhais, dliteanais agus dualgaisí go dtí Bord Náisiúnta na Seirbhíse Scagthástála Ailse an dáta céanna.

17 Aontú na Ráiteas Airgeadais

D'aontaigh an Bord na ráitis airgeadais ar an 19 Iúil 2007.